Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/114

5.1.2026

**Caingean arna tabhairt an 15 Deireadh Fómhair 2025 – Sabormex v EUIPO – Tierra Brands España (TIERRA GARAT MÉXICO ES CAFÉ Y CHOCOLATE)**

**(Cás T-703/25)**

(C/2026/114)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Spáinnis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Sabormex SAPI de CV (Cathair Mheicsiceo, Meicsiceo) (ionadaithe: J. F. Gallego Jiménez, E. Sanz Valls, P. Bauzá Martínez agus Y. Hernández Viñes, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Tierra Brands España, SL (Maidrid, an Spáinn)

## Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Iarratasóir an trádmhairc atá faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*An trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh TIERRA GARAT MÉXICO ES CAFÉ Y CHOCOLATE – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 906 730

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 4 Lúnasa 2025 i gCás R 292/2025-2

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— dá bhrí sin, cinneadh an fhreasúra a taisceadh i gcoinne an mhairc atá faoi chonspóid, lena gcinntear go bhféadfadh cómhaireachtáil shíochánta a bheith ann idir na marcanna atá i gceist agus lena gceadaítear clárú an mhairc atá faoi chonspóid, a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO agus don idiragraí na costais a íoc.

## Saincheisteanna dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

— Earráid sa mheasúnú ar an bhfianaise ar úsáid a thug an cosantóir ar aird trí chinneadh a dhéanamh gur suíodh fíorúsáid an mhairc níos luaithe go leordhóthanach le linn na tréimhse ábhartha agus trí neamhaird a thabhairt ar na hargóintí agus ar na fíorais a chuir an t-iarratasóir chun cinn.

— Earráid sa mheasúnú foriomlán ar an marc níos luaithe agus ar an marc atá faoi chonspóid trí gach marc a roinnt agus a ghearradh ina gcodanna, trí ghnéithe breise an mhairc atá faoi chonspóid a scriosadh agus trí neamhaird a thabhairt ar na difríochtaí follasacha foriomlána.

— Earráid sa mheasúnú a rinneadh ar leibhéal idirdhealaithe an ghné choitinn 'TIERRA' i ndáil leis na seirbhísí in aicme 43.